Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13707/23

LIMITE

IXIM 180
JAI 1244
COMIX 425

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta |

Ag féachaint do chruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 19 agus an 20 Deireadh Fómhair 2023, agus aird chuí á tabhairt ar na conclúidí ó chruinniú Bhord Bainistíochta eu-LISA a tionóladh an 27-28 Meán Fómhair 2023[1], d'ullmhaigh an Uachtaránacht faisnéis maidir leis an ábhar thuas a gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn.

Maidir leis an bhfaisnéis atá san Iarscríbhinn, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí freagra a thabhairt ar an gceist seo a leanas:

- **An bhformhuiníonn tú féilire an treochláir lena gcuirfidh eu-LISA an ailtireacht nua TF ar fáil?**

---

[1] Tá litir ón 3 Deireadh Fómhair 2023, a sheol Cathaoirleach Bhord Bainistíochta eu-LISA chuig an gComhairle, ina gcuirtear conclúidí chruinniú an Bhoird Bainistíochta an 27-28 Meán Fómhair in iúl, le fáil san Iarscríbhinn.

**IARSCRÍBHINN**

Faoi láthair, tá an ailtireacht is iomláine agus is nua-aimseartha le haghaidh bainistiú teorainneacha á forbairt ag an Aontas. Áirítear ansin an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), an Córas Faisnéise Víosaí athnuaite (VIS), agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN). Déanfar na córais sin go léir, mar aon le VIS agus SIS atá ann cheana, idir-inoibritheach trí na comhpháirteanna gaolmhara IO, i.e. an Tairseach Chuardaigh Eorpach (ESP), an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta (CIR), an tSeirbhís Chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha (sBMS) agus an Brathadóir Ilchéannachtaí (MID). Clúdófar an ghné tuairiscithe agus staidrimh leis an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh, agus tacófar leis an tionscal (iompróirí ó gach réimse gnó (aer, talamh, muir)) trí na seirbhísí gréasáin gaolmhara le haghaidh EES, ETIAS agus VIS Athbhreithnithe. Is é is cuspóir don ailtireacht nua TF sin rialuithe teorann a fheabhsú, an bealach a réiteach do bhainistiú comhtháite teorainneacha, déileáil leis an líon méadaitheach taistealaithe, ardleibhéal slándála a áirithiú i limistéar Schengen, agus ar an gcaoi sin saorghluaiseacht a áirithiú sa limistéar sin gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.

Cuirfidh eu-LISA an ailtireacht nua TF sin ar fáil i roinnt babhtaí de réir an treochláir seo a leanas:

- Babhta 1 R3/24 go R4/24: teacht i bhfeidhm EES + sBMS (an chéad chomhpháirt den idir-inoibritheacht) le haghaidh EES agus VIS;

- Babhta 2 R1/25 go R2/25; teacht i bhfeidhm ETIAS + ESP agus CIR (dara agus tríú cuid den idir-inoibritheacht);

- Babhta 3 R2/25 go R3/25; teacht i bhfeidhm ECRIS – TCN + ESP agus CIR agus sBMS do ECRIS-TCN;

- Babhta 4 R3/26 go R4/26: teacht i bhfeidhm VIS athnuaite + Cur i gcrích na hailtireachta idir-inoibritheachta (soláthar MID – : comhpháirt dheiridh na hidir-inoibritheachta) agus tosach Idirthréimhse MID.

PUBLIC

I gcomhthráth leis na forbairtí sin ar an leibhéal lárnach, tá na Ballstáit ag modhnú a gcóras teorann náisiúnta, chomh maith leis na córais náisiúnta eile a thacaíonn le réimsí eile gnó (víosaí, inimirce agus forfheidhmiú an dlí), chun cur ar a gcumas oibriú leis na córais arna gcur chun feidhme ag eu-LISA.

Tá tacaíocht fhorleathan anois ann mar thoradh ar an gcomhairliúchán a rinne eu-LISA lena Ghrúpaí Comhairleacha (saineolaithe teicniúla agus bainisteoirí tionscadail ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ó Ghníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais) maidir leis an treochlár nua sin. Ag deireadh mhí Mheán Fómhair, rinne Bord Bainistíochta eu-LISA, agus aird chuí á tabhairt aige ar thoradh chomhairliúchán na nGrúpaí Comhairleacha, an treochlár a bhailíochtú.

Is é an Córas Dul Isteach/Imeachta an chéad chóras a chuirfear ar fáil i bhFómhar 2024. I gcomhthráth le EES, tiocfaidh sBMS, an chéad chomhpháirt den Idir-inoibritheacht, i bhfeidhm freisin, a fhriothálfaidh ar VIS chomh maith. Tiocfaidh an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) i bhfeidhm 6 mhí ina dhiaidh sin, in Earrach 2025. Cuirfear ETIAS le ESP agus CIR.

Tar éis moilleanna óna chonraitheoir, sholáthair eu-LISA, i gcaitheamh an tsamhraidh, an chéad dá leagan den Chóras Dul Isteach/Imeachta atá in úsáid anois go rathúil ag údaráis na mBallstát chun tástáil a dhéanamh ar a gcuid forbairtí náisiúnta atá riachtanach chun EES a oibriú i réimsí éagsúla gnó, mar shampla ag pointí trasnaithe teorann náisiúnta, ag na consalachtaí, agus ag na húdaráis inimirce agus forfheidhmithe dlí. Agus na chéad leaganacha de EES seolta go rathúil, tá níos mó muiníne agus cinnteachta ann maidir le cé chomh réadúil is a bheidh an treochlár idir-inoibritheachta.

Tá sé beartaithe an leagan críochnaitheach den chroíchóras a sholáthar go luath in 2024. Agus an garsprioc sin bainte amach cuirfidh údaráis na mBallstát tús le tástáil fhoirmiúil an chórais. Tá dhá choinníoll riachtanacha ann sula gcuirfear an Córas Dul Isteach/Imeachta i bhfeidhm; an tástáil fhoirmiúil sin a bheith curtha i gcrích go rathúil agus dearbhuithe ó na Ballstáit go bhfuil siad ullamh úsáid a bhaint as an gcóras.



PUBLIC

Chomh maith leis na gairis bhithmhéadracha (scanóirí méarlorg agus ceamaraí) nach mór a shuiteáil ag gach pointe trasnaithe teorann, ba cheart, a mhéid is féidir, bothanna féinfhreastail, geataí uathoibrithe agus córais rialaithe teorann uathoibrithe a bheith ag mórphointí trasnaithe teorann chun rialuithe a éascú agus a bhrostú. Chuige sin, tá aip mhóibíleach á hullmhú ag Frontex chun críche réamhchlárú EES. Tá tástáil na haipe sin ar siúl faoi láthair, i gcéim phíolótach, agus tá sé beartaithe go mbeidh an aip réidh agus ar fáil do gach Ballstát i bhfad sula dtiocfaidh EES i bhfeidhm.

Cumasóidh úsáid an Chórais Dul Isteach/Imeachta rialuithe teorann a uathoibriú, agus beidh athrú mór freisin ar bhainistiú na rialuithe sin mar thoradh ar a chur chun feidhme freisin toisc go n-éilítear leis an gcóras go gclárófaí gach taistealaí nach taistealaí de chuid an Aontais é a thrasnaíonn an teorainn le haghaidh gearrfhanachta. I bhfianaise an ghá atá ann ár dteorainneacha a choinneáil ar oscailt agus tréimhsí feithimh réasúnta a choinneáil ar rialuithe teorann, ba cheart cur i bhfeidhm EES a ullmhú go mionchúiseach agus beidh bearta lena gcuirfear cosc ar phlódú pointí trasnaithe teorann riachtanach. Ní mór saincheisteanna teicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an ailtireacht chasta, a nascann an lárchóras le córais teorann náisiúnta agus le gach pointe trasnaithe teorann, a chur san áireamh freisin. Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit gach próiseas gnó agus oibríochtúla lena mbaineann a thástáil, a chleachtadh agus a mhionchoigeartú agus oiliúint a chur ar a ngardaí teorann, ar bhealach tráthúil, maidir le húsáid na bpróiseas sin. Ar na cúiseanna sin, sainaithníodh beart breise a bhaineann le sonraí bithmhéadracha a ghabháil agus a stóráil sa Chóras Dul Isteach/Imeachta; d'fhéadfaí an beart sin a chur i ngníomh de réir a chéile agus, dá bhrí sin, beidh bearta maolaithe ar fáil lena ghníomhachtú ag pointí trasnaithe teorann aonair chun tréimhsí feithimh fada a chosc. Beidh an dáta a choinneofar le haghaidh teacht i bhfeidhm lasmuigh de thréimhsí mórimeachtaí agus amanna taistil arda.

Ní fhéadfaidh an Córas Dul Isteach/Imeachta teacht i bhfeidhm go dtí go mbeidh dearbhú faighte ó na Ballstáit uile go bhfuil siad ullamh. Má chuireann Ballstát amháin moill leis an teacht i bhfeidhm cuirfear moill ar an teacht i bhfeidhm do gach Ballstát. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit a mbeidh deacrachtaí acu le linn a n-ullmhúcháin na deacrachtaí sin a thuairisciú láithreach. Tá sé ráite ag an gCoimisiún agus eu-LISA araon go bhfuil siad ar fáil i gcónaí chun tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit chun na deacrachtaí sin a bhainistiú.

PUBLIC

Litir ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta eu-LISA

ÍOGAIR

PUBLIC

3.10.2023

## Cinneadh ó Bhord Bainistíochta eu-LISA an 27-28 Meán Fómhair 2023

Fernando Grande-Marlaska Gómez
An tAire Gnóthaí Baile
Ríocht na Spáinne

Ylva Johansson
An Coimisinéir um Ghnóthaí Baile agus Imirce
An Coimisiún Eorpach

*Arna sheoladh i ríomhphost amháin*

A Aire, a chara,

A Choimisinéir, a chara,

An 31 Bealtaine 2023, d'fhormheas Bord Bainistíochta eu-LISA an straitéis réitigh nua – Athshlógadh, Réiteach, Athnuachan – a mhol an Ghníomhaireacht, chun an Ailtireacht Idir-inoibritheachta foriomlán a chur chun feidhme. Bunaithe ar an gcinneadh sin, chuir Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile ar an eolas faoin mbealach ar aghaidh an 8 Meitheamh 2023. Iarradh ar an nGníomhaireacht an amlíne athbhreithnithe a thíolacadh ionas go ndéanfaí cinneadh feasach ar an ábhar le linn chruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 19-20 Deireadh Fómhair 2023.

Tá teacht ar threoracha láimhseála d'fhaisnéis ÍOGAIR ag https://europa.eu/lqGiQVd

GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH CHUN BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL A DHÉANAMH AR CHÓRAIS MHÓRSCÁLA TF SA LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS

Vesilennuki 5, 10415 Tallinn, an Eastóin
www.eulisa.europa.eu

ÍOGAIR

Ó mhí an Mheithimh 2023, lean an Ghníomhaireacht den Treochlár Idir-inoibritheachta a bheachtú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh agus an straitéis réitigh nua á cur chun feidhme go gníomhach aici agus aird ar leith á tabhairt aici ar shineirgí inmheánacha a fheabhsú agus feabhas a chur le rannpháirtíocht agus éifeachtúlacht conraitheoirí seachtracha uile. Chruthaigh gníomhartha na Gníomhaireachta go maith agus chuir siad le luach na mBallstát. Thairis sin, chuir na gníomhartha sin le tiomantas, cobhsaíocht agus éifeachtúlacht chur chun feidhme EES. Mar thoradh air sin cuireadh soláthar dhá leagan ard-idirmheánacha de EES i gcrích i mí Iúil agus i mí Meán Fómhair 2023; don chéad uair i stair fhorbairt chlár EES, chruthaigh an dá sholáthar sin na dálaí riachtanach do na Ballstáit agus do na tíortha comhlachaithe chun a gcuid tástála a chur chun cinn, lena n-áirítear fud tíortha, agus sa tslí sin, chuir siad feabhas ar a gcumas ullmhú níos fearr don teacht i bhfeidhm atá ar na bioráin.

I bhfianaise a fheabhas a d'éirigh leis an méid sin uile, leathnaigh eu-LISA an tsamhail a forbraíodh leis an straitéis réitigh Athshlógadh, Réiteach, Athnuachan ar fud gach réimse de na cláir idir-inoibritheachta agus chruthaigh sé cur chuige oibríochta nithiúil láidir chomh maith le treochlár chun an Ailtireacht Idir-inoibritheachta a sholáthar agus a chur chun feidhme. I gcomhar lena chuid Bord Bainistíochta, rinneadh plé cuimsitheach ar an gcur chun feidhme. Ar ndóigh, le linn dóibh plé a dhéanamh ar an Treochlár Idir-inoibritheachta, chuathas i gcomhairle le gach Grúpa Comhairleach Teicniúil agus le gach Bord Bainistíochta a bhí bainteach leis an gClár. Tháinig gach dream, gan eisceacht ar bith, ar thuairim dhearfach (Grúpaí Comhairleacha) nó ar mholadh dearfach (Boird Bainistíochta an Chláir) agus iad ag tacú leis an togra don Treochlár nua IO.

Ina dhiaidh sin uile, cuireadh an Treochlár nua IO (i gceangal leis an litir seo) faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA ag an gcruinniú a bhí aici an 27-28 Meán Fómhair 2023, tráth a formheasadh é d'aon toil.

Tá sainordú tugtha ag Bord Bainistíochta eu-LISA dom, i mo cháil mar chathaoirleach, Uachtaránacht na Comhairle agus an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas faoi sin roimh chruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 19-20 Deireadh Fómhair 2023 agus formhuiniú a lorg don Treochlár nua IO.

Zsolt Szolnoki

Zsolt SZOLNOKI

Le meas,

Cathaoirleach Bhord Bainistíochta eu-LISA

ÍOGAIR

Cóip chuig:

A Shoilse Marcos Alonso Alonso, Ambasadóir, Buanionadaí na Spáinne chun an Aontais Eorpaigh

Monique Pariat, Ard-Stiúrthóir, an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, an Coimisiún Eorpach

Christine Roger, an tArd-Stiúrthóir um Cheartas agus Gnóthaí Baile, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh

PUBLIC

Iarscríbhinn – Treochlár Idir-inoibritheachta


GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH CHUN BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL A DHÉANAMH AR CHÓRAIS MHÓRSCÁLA TF SA LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS

Vesilennuki 5, 10415 Tallinn, an Eastóin

www.eulisa.europa.eu



Treochlár Soláthar Ailtireacht IO
Cur Chuige Babhtaí
A d'fhormheas an Bord Bainistíochta an 27-28 Meán Fómhair 2023
LEAGAN NUA – NUASHONRAITHE MEÁN FÓMHAIR 2023
PUBLIC
Amlíne
Tá na córais ullamh go teicniúil don teacht i bhfeidhm idir:
Babhta 1
R3/24 go R4/24
Babhta 2
R1/25 go R2/25
Babhta 3
R2/25 go R3/25
Babhta 4
R3/26 go R4/26
Forbairtí leanúnacha
2027 ar aghaidh
Príomhsprioc ghnó arna baint amach trí bhabhta IO
EES a sholáthar le haghaidh Slándáil Neartaithe Teorainneacha
Slándáil neartaithe agus eispéireas feabhsaithe a sholáthar don taistealaí trí
ETIAS agus Seirbhísí Gréasáin d'iompróirí agus TCNanna
Comhar Ceartais a fheabhsú trí ECRIS–TCN
Bailchríoch a chur ar chur chun feidhme teicniúil Ailtireacht IO
Leanúint den Ailtireacht IO a uasghrádú agus a fhorbairt
Príomhchórais arna soláthar
Croí EES
Comhéadan Iompróra Seirbhísí Gréasáin
IO (S1) sBMS 4 EES/VIS¹
ETIAS S1
Seirbhísí Gréasáin
Comhpháirteanna comhroinnte IO (S2)
ECRIS-TCN
IO (S3) sBMS (comhtháthú ECRIS-TCN)
IO (S4) (Comhpháirt comhroinnte)
VIS athbhreithnithe
Forbairtí in Ailtireacht IO
Eurodac²
1. (a) Córas tástáilte le córais EES agus VIS amháin, (b) Cur chun feidhme na dtáscairí cáilíochta sonraí a mhéad is féidir i mBabhta 4, (c) Tuairisciú sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh i mBabhta 4
2. Ag brath ar Rialachán Athmhúnlaithe Eurodac
eu-LISA
2


TREOCHLÁR IO - Cur chuige Babhtaí
LEAGAN NUA – NUASHONRAITHE MEÁN FÓMHAIR 2023
A d'fhormheas an Bord Bainistíochta an 27-28 Meán Fómhair 2023
2023
2024
2025
2026
2027
R1
R2
R3
R4
Babhta 1
R3/24 go R4/24
Croí EES (S1) Clár Forbartha
Comhéadan Iompróirí Seirbhísí Gréasáin Clár Forbartha
VIS 4 EES Clár Forbartha
Comhpháirteanna Comhroinnte IO (S1) sBMS 4 EES/VIS Clár Forbartha
Teacht i bhfeidhm EES
Babhta 2
R1/25 go R2/25
EES 4 ETIAS (S2) Clár Forbartha
Seirbhísí Gréasáin 4 ETIAS + Seirbhísí Gréasáin Poiblí + Aipeanna Clár Forbartha
ETIAS (S1) Clár Forbartha
Comhpháirteanna Comhroinnte IO (S2) ESP + CIR + CRRS Clár Forbartha
VIS 4 EES Clár Forbartha
SIS 4 EES Clár Forbartha
Teacht i bhfeidhm ETIAS
Babhta 3
R2/25 go R3/25
ECRIS-TCN (S1) Clár Forbartha
Comhpháirteanna Comhroinnte IO (S3) sBMS (comhtháthú ECRIS-TCN) Clár Forbartha
Teacht i bhfeidhm ECRIS TCN (lena n-áirítear lódáil sonraí alfa-uimhriúla)
Lódáil sonraí bithmhéadracha
Babhta 4
R3/26 go R4/26
ETIAS (S2) Clár Forbartha
EES IO agus comhtháthú le VIS athbhreithnithe (S3)
Seirbhísí Gréasáin 4 IO agus VIS athbhreithnithe Clár Forbartha
Comhpháirteanna Comhroinnte IO (S4) MID Clár Forbartha
VIS athbhreithnithe le IO Clár Forbartha
SIS 4 IO Clár Forbartha
ECRIS-TCN (S2) Clár Forbartha
IO + VIS athbhreithnithe le teacht i bhfeidhm IO
Teacht i bhfeidhm MID
Forbairtí leanúnacha 2027 ar aghaidh
Idirthréimhse ESP²
Idirthréimhse MID²
Treochlár na bhForbairtí
EURODAC3
1. (a) Córas tástáilte le córais EES agus VIS amháin, (b) Cur chun feidhme na dtáscairí cáilíochta sonraí a mhéad is féidir i mBabhta 4
(c) Tuairisciú sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh i mBabhta 4
2. Dáta tosaigh agus dáta deiridh ailínithe le teacht i bhfeidhm
3. Ag brath ar Rialachán Athmhúnlaithe Eurodac
Iontráil san Idirthréimhse Oibríochtaí
Ullmhacht theicniúil chéimnithe/chéimneach agus an tréimhse theacht i bhfeidhm ina dhiaidh sin. Cur chuige don soláthar teicniúil mionsonraithe le forbairt a thuilleadh.
eu-LISA